



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Gnóthaí Acadúla UCD
Scoil Aonad:	Rochtain & Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair (más ábhartha):	Teagascóir Tacaíochta Foghlama
Tréimhse an Phoist:	Buan (Móide Painéal 12 Mhí do Róil Bhuana & Sealadacha)
Grád:	Oifigeach Riaracháin II
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Bainistíocht agus Oibríochtaí Acadúla agus Clár -Leibhéal Gairme 3
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2025-09-064
Bainisteoir Líne:	Stiúrthóir, Rochtain & Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD
Uimhir Thagartha an Chomórtais: N^o	019024
Riarthóir AD:	Aline Burgos

Achoimre ar an bPost:

Is é ról Rochtain & Foghlaim ar Feadh an tSaoil (ALL) UCD ná bheith tacú leis an Ollscoil chun bheith ina pobal scolártha éagsúil agus cuimsitheach. Agus iad ag tuairisciú don Bhainisteoir Tacaíochta Míchumais, beidh an Teagascóir Tacaíochta Foghlama ina bhall lárnach den fhoireann ALL. Cuirfidh an t-iarrthóir rathúil le tiomantas na hOllscoile rannpháirtíocht a leathnú agus rochtain a fheabhsú do gach mac léinn, ag cothú timpeallachta chuimsithí a chuireann éagsúlacht agus comhionannas chun cinn.

Beidh ról lárnach ag an Teagascóir Tacaíochta Foghlama i dtaca le tacú le mic léinn faoi mhíchumas agus iad a chumasú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus páirt iomlán a ghlacadh i saol na hOllscoile.

Beidh taithí shuntasach ag an té a cheapfar ar thacaíocht a thabhairt do mhic léinn faoi mhíchumas i suíomh oideachais. Cuirfidh siad eolas speisialaithe i bhfeidhm chun seirbhís ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a sheachadadh do mhic léinn. Cuirfidh siad tacaíocht ar leith ar fáil do mhic léinn a bhfuil disléicse agus deacrachtaí nó míchumais foghlama eile orthu. Áireofar leis seo, measúnuithe scagtha a dhéanamh, measúnuithe riachtanas a dhéanamh, pleananna tacaíochta foghlama saincheaptha a fhorbairt agus tacaíocht foghlama spriocdhírithe a sheachadadh (duine le duine agus i ngrúpaí araon) chun rath agus cuimsiú na mac léinn a fheabhsú agus béim ar neamhspleáchas na mac léinn.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

I measc na bpríomhdhualgais agus na bpríomhfhreagrachtaí, beidh:

- Measúnuithe scagthástála disléicse agus tástáil dhiagnóiseach a dhéanamh do mhic léinn atá ag lorg tacaíochta.
- Pleananna tacaíochta foghlama aonair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le daltaí.
- Measúnuithe riachtanas a chomhlánú agus socruithe séasúnta a mholadh.
- Leanúint le forbairt straitéise scileanna acadúla réamhghníomhach do raon éagsúil foghlaimeoirí, lena n-áirítear mic léinn faoi mhíchumas agus saindeacrachtaí foghlama, le béim ar straitéisí foghlama neamhspleacha.
- Teagmháil a dhéanamh le baill foirne acadúla chun feasacht ar dhifríochtaí foghlama a chur chun cinn agus chun Socruithe Réasúnta a éascú.

- Taifeadeadh cruinn a choinneáil ar mheasúnuithe, ar phleananna tacaíochta, agus ar ghníomhaíochtaí eile i gcomhréir le beartais chosanta sonraí.
- Comhad cruinn a choinneáil chun dul chun cinn gach mac léinn a rianú chun anailís staitistiúil a dhéanamh ar fheidhmiocht na seirbhíse agus tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar thacaíocht foghlama agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara.
- Fan ar an eolas faoi na cleachtais is fearr, taighde agus forbairtí i dtacaíocht disléicse agus in oideachas cuimsitheach.
- Comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir le teicneolaíocht chúnta agus acmhainní foghlama inrochtana.
- Rannchuidiú le forbairt agus seachadadh oiliúna agus ceardlann do bhaill foirne agus do mhic léinn maidir le deacrachtaí foghlama agus straitéisí tacaíochta.
- Páirt a ghlacadh i bhfoirne ildisciplíneacha agus i gcoistí míchumais ar an gcampas de réir mar is gá.
- Déan teagmháil le coláistí/scoileanna/seirbhísí tacaíochta eile, de réir mar is gá, chun cur chuige comhoibriúcháin a sholáthar maidir le tacú le mic léinn faoi mhíchumas i ngach gné de shaol an choláiste.
- Déan teagmháil le soláthraithe seirbhíse seachtracha nuair is gá.
- Cur le forbairt agus cur i bhfeidhm beartais, cleachtais, córas agus próiseas cuimsitheacha i gcomhar le geallsealbhóirí.
- Ullmhú tuarascálacha don Ollscoil agus do ghníomhaireachtaí seachtracha de réir threoracha an Bhainisteora Tacaíochta Míchumais.
- De réir mar a leanann Rochtain & Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD ag leathnú agus ag forbairt, is dócha go mbeidh gá le solúbthacht maidir le dualgais shonracha a leithdháileadh. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe go mbeadh an liosta dualgas a shonraítear thuas eisiach ná sriantach; féadfar dualgais a chur leis nó a tharraingt siar de réir mar is gá.

Tuarastal: 95 Admin Officer li_2010 (0173_X) € 51,484 - € 65,806 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirilínite na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas faoi phinsin ar fáil ag

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Cuirimid fáilte roimh iarratas ó chách, lena n-áirítear iad a shamhlaítear le haon cheann de na tréithe cosanta a leagtar síos inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tá tuilleadh eolas faoi Éagsúlacht ar fáil ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>. Soláthrófar socruithe réasúnta d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Teaghlaigh Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den Teaghlach Poist um **Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil agus Clár** agus tagann sé le **Leibhéal Gairme 3**. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha a ndéantar cur síos orthu sa Chreat um Chnuasaigh Poist le fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- 3-4 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó céim tríú leibhéal i ndisciplín ábhartha.
- Cáilíocht nó creidiúnú aitheanta i measúnú disléicse (mar sh. Woodcock Johnson, DAST, AMIIS, ADiA, nó a chomhionann) nó toilteanas páirt a ghlacadh san oiliúint seo agus cáilíocht a bhaint amach.
- Taithí bheith ag obair le raon leathan daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear saindeacrachtaí foghlama.
- Scileanna cumarsáide agus eagrúcháin atá dea-fhorbartha.

- Taithí roimhe seo ar chleachtas cuimsitheach.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 2):** Eolas láidir ar dhea-chleachtas i mbainistíocht sonraí.
- **Athléimneacht Oibríochtúil (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas suntasach chun seasmhacht agus feidhmíocht a choinneáil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach nuair a bhíonn brú ort.
- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas láidir chun tacaíocht agus treoir a sholáthar do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus don fhoireann, agus eolas agus inniúlacht a fhorbairt i ndáil le seirbhísí tacaíochta eile agus cathain is ceart dul i ngleic leo.
- **Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas maith eolas, scileanna, agus breithiúnas teicniúil a chur i bhfeidhm le torthaí a bhaint amach. An cumas bealaí a aithint chun seirbhís a fhorbairt agus a fheabhsú ó pheirspictíocht an chustaiméara

Príomhinniúlachtaí

- **Caidrimh a Chothú (Leibhéal Oilteachta 2):** Taithí láidir ar obair i bhfoirne agus an cumas oibriú i measc foirne éagsúla ag an am céanna.
- **Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Oilteachta 3):** Scileanna riaracháin, eagrúcháin agus cumarsáide den scoth. Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide an-éifeachtach, le cumas léirithe comhoibriú agus caidrimh éifeachtacha a choinneáil le daoine laistigh agus lasmuigh den ollscoil.
- **Pleanáil agus Eagrúcháin (Leibhéal Oilteachta 3):** Taithí ar a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.
- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2):**
 - Taithí ar phróisis athbheithnithe agus feabhsú seirbhíse leanúnach.
 - An cumas tabhairt faoi chur chuige dearfach chun dul i ngleic leis an obair chomh maith le hathruithe a ghlacadh agus aiseolas a bhaineann le feidhmíocht a lorg agus déileáil leis go cuiditheach.
- **Daoine a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 1):** Eolas domhain ar raon na Socruithe Réasúnta agus na dtacaíochtaí atá ar fáil, agus úsáid chuí na socruithe agus na dtacaíochtaí sin. Eolas ar dheardh uilíoch, inrochtaineacht, agus teicneolaíocht chúnta. Eolas ar na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht a leathnú do gach grúpa atá faoi ionadaíocht.
- **Bainistíocht Tionscadail (Leibhéal Oilteachta 1):**
 - Taithí ar anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna casta, tuarascálacha a dhréachtú, cur i láthair a dhéanamh, agus cur le tionscadail.
 - Cumas chun a chinntiú go sainmhínítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir go soiléir ag an tús, róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna insoláthartha, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina leith.
- **Tionscnamh a Ghlacadh (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas gníomhú ar thionscnamh agus a bheith réamhghníomhach maidir le deiseanna agus réitigh a aithint.

Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe UCD

- Ní mór d'iarthóirí feacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta a léiriú

Inmhianaithe:

- Taithí shuntasach ag obair le mic léinn ollscoile nó i suíomh oideachais.
- Taithí ar obair le raon grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste san ardoideachas.
- Solúbtha agus inoiriúnaithe maidir le tosaíochtaí iolracha agus buaicphointí séasúracha in ualach oibre na Seirbhíse a bhainistiú.
- Cáilíocht iarchéime i Síceolaíocht Oideachais, Staidéar Míchumais, nó réimsí gaolmhara.
- Taithí ar fhoireann a oiliúint nó ceardlanna a sheachadadh maidir le tacaíocht foghlama nó feasacht ar mhíchumas.
- Cumas córais bhainistíochta sonraí a bhaineann le seirbhísí míchumais a úsáid.

Eolas Breise

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2030: Teorainneacha a Shárú	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	https://www.ucd.ie/all/
Comhionannas Éagsúlacht agus Cuimsiú in UCD:	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/